**CINNEADH (AE) 2022/49 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 15 Nollaig 2021**

**maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Chróit i ndáil leis an tsraith creathanna talún a tharla ón 28 Nollaig 2020 amach**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([2]), agus go háirithe pointe 10 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ("an Ciste") cur ar chumas an Aontais freagairt ar bhealach tapa éifeachtúil solúbtha do staideanna éigeandála chun dlúthpháirtíocht a léiriú le pobail réigiún a mbuaileann tubaistí nádúrtha móra nó réigiúnacha iad nó mór-éigeandáil sláinte poiblí.

(2) Ní fhéadfaidh a bheith sa ranníocaíocht airgeadais ón gCiste níos mó ná na huasteorainneacha dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ([3]). I gcomhréir le hAirteagal 9(2) agus Airteagal 9(4) de Rialachán CAI, agus na slógaí a rinneadh roimhe seo den Chúlchiste Dlúthpháirtíochta agus um Chabhair Éigeandála in 2021 á gcur san áireamh, is é EUR 359 968 632 an t-uasmhéid is féidir a shlógadh ón gCiste agus is leor an tsuim sin chun na riachtanais faoin gCinneadh seo a chumhdach.

(3) An 18 Márta 2021, chuir an Chróit iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh, tar éis na sraithe creathanna talún a tharla ón 28 Nollaig 2020 amach.

(4) Tá an t-iarratas a chuir an Chróit isteach i gcomhréir leis na coinníollacha i dtaca le ranníocaíocht airgeadais a thabhairt ón gCiste, mar a leagtar síos in Airteagal 2 agus Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an Ciste a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar don Chróit.

(6) Chun giorrú a oiread agus is féidir ar an am a thógfaidh sé an Ciste a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó dháta a ghlactha,

([1]) IO L 311, 14.11.2002, lch. 3.
([2]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([3]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I gcás bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2021, slógfar Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh chun méid EUR 319 192 359 a sholáthar don Chróit ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí, lena n-áirítear EUR 41 325 507 mar réamhíocaíocht.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 15 Nollaig 2021.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 15 Nollaig 2021.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
D. M. SASSOLI

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A. LOGAR